

Córas Coiteann Iontrála (CCI)
Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh
Bileog Eolais 2025-2026

Cad é Córas Coiteann Iontrála Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh?

Is é Córas Coiteann Iontrála Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh an próiseas ina ndéantar bainistiú ar aistriú daltaí rang a sé bunscoile chuig na hiar-bhunscoileanna rannpháirteacha.

Cad iad na hIar-bhunscoileanna a ghlacann páirt sa chóras?

Tá 17 iar-bhunscoil rannpháirteach sa Chóras Coiteann Iontrála. Is iad seo a leanas na scoileanna atá páirteach i gcóras na bliana 2025/2026:

Ainm na Scoile	Suíomh Gréasáin	Uimhir Theagmhála
Ardscoil Mhuire (<i>cailíní</i>), An Corrbhaile, Luimneach.	https://asmlimerick.ie/	061-349014
Ardscoil Rís (<i>buachaillí</i>), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach.	http://www.ardscoil.com/	061-453828
Coláiste Chaladh an Treoigh , (<i>comhoideachas</i>), An Baile Nua, Caladh an Treoigh, Luimneach.	http://castletroycollege.ie/	061-330785
Coláiste Chiaráin (<i>comhoideachas</i>), Cromadh, Co. Luimnigh.	http://www.cco.ie/	061-397700
Coláiste Mhichíl (<i>buachaillí</i>), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach.	http://www.cbssextonstreet.ie/	061-416628
Coláiste Nano Nagle (<i>cailíní</i>), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach.	http://www.colaistenanonagle.ie/	061-410390
Coláiste Cuimsitheach an Chorráin C.Í. (<i>comhoideachas</i>), Bóthar Thuar an Daill, Co. Luimnigh.	http://www.crescentsj.com/	061-229655
Gaelcholáiste Luimnigh (<i>comhoideachas, lán-Ghaeilge</i>) Meal Síor Anraí, Sráid an Chláir, Luimneach.	http://gcluimnigh.com/	061-404959
Coláiste Chnoc na Labhras, F.C.J. (<i>cailíní, lán-Ghaeilge</i>), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.	http://laurelhillcolaistefcj.ie/	061-313 636
Meánscoil Chnoc na Labhras, F.C.J. (<i>cailíní</i>), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.	http://laurelhillsecondary.com/	061-319383
Meánscoil Oideachas Le Chéile Luimnigh (<i>comhoideachas</i>), Bóthar na Grúdan, Tamhlachtain, Caladh an Treoigh, Luimneach.	http://limericketss.ie/	061-457595
Coláiste Mhungerit (<i>comhoideachas</i>), Cathair an Fhardorais, Mungairit, Co. Luimnigh.	https://mungretcommunitycollege.ie/	061-308880
Coláiste Sailéiseach (<i>comhoideachas</i>), Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh.	http://salesiancollege.ie/	061-393105
Coláiste San Cleimint (<i>buachaillí</i>), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.	http://www.stclements.ie/	061-315878
Coláiste Naomh Mainchín (<i>buachaillí</i>) An Corrbhaile, Luimneach.	http://stmunchinscollege.com/	061-348922
Pobalcholáiste Thuamhumhan (<i>comhoideachas</i>), Páirc Mhaoilis, Luimneach.	http://thomondcommunitycollege.ie/	061-452 422
Meánscoil Villiers (<i>comhoideachas, scoil táille</i>), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach.	http://villiers-school.ie/	061-451447

Cad é an Polasaí Iontrála?

Tá Polasaí Iontrála uathúil ag gach iar-bhunscoil rannpháirteach ina bhfuil a critéir iontrála uathúla féin. Is féidir cóip den pholasaí seo a fháil ar shuíomh gréasáin na scoile nó trí theagmháil dhíreach a dhéanamh leis an scoil. **Tá sé riachtanach go gcuirfeadh tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) iad féin ar an eolas faoi Pholasaí Iontrála na scoileanna dá rogha féin sula gcuireann siad an fhoirm iarratais CCI isteach.** Má tá aon cheist ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) maidir le Polasaí Iontrála nó critéir iontrála na scoile, déan teagmháil dhíreach leis an scoil chun soiléiriú a lorg.

Cad é an Fógra Iontrála Bliantúil?

Tá eolas san Fhógra Iontrála Bliantúil ar roinnt sonraí maidir le próiseas iontrála scoile a athraíonn ó bhliain go bliain. **Tá sé riachtanach go gcuirfeadh tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) iad féin ar an eolas faoi Fhógra Iontrála na scoileanna dá rogha féin sula gcuireann siad an fhoirm iarratais CCI isteach.**

Ar an bhFógra seo gheobhaidh tú:

- Conas polasaí iontrála agus foirm iarratais na scoile le haghaidh rollaithe a fháil.
- Dátaí a thosóidh agus a stopfaidh an scoil do bheith ag glacadh le hiarratais ar chead isteach sa scoil don scoilbhliain lena mbaineann.
- Dátaí faoin uair a chuirfear tairiscintí in iúl d'iarratasóirí agus dátaí faoin uair ba chóir an glacadh le tairiscint ar áit a dheimhniú leis an scoil.
- Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sa chéad bhliain don bhliain acadúil 2025/2026.
- I scoileanna le ranganna speisialta, líon na n-áiteanna i rang speisialta ar fáil do 2025/2026.
- I scoileanna a ndearnadh ró-éileamh orthu in 2024/2025, gheobhaidh tú eolas maidir le líon na n-iarratas a fuarthas agus líon agus ord na dtairiscintí a rinneadh an bhliain sin.

Cá dtiocfaidh mé ar eolas maidir le hiarratas ar áit i rang speisialta?

Féach an Polasaí Iontrála agus an Fógra Iontrála do gach scoil a bhfuil suim agat iontu chun eolas a fháil maidir le hiarratas ar áit i rang speisialta. Baineann sé seo le gach scoil ar leith agus **níl sé mar chuid den phróiseas CCI.**

Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar rollú mac léinn na chéad bhliana chuig iar-bhunscoil rannpháirteach?

- Chun iarratas a dhéanamh ar chead isteach sa Chéad Bhliain don bhliain acadúil 2025/2026, ní mór duit Foirm Iarratais Chomónta Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh (CCI) a chomhlánú.
- Cuirfear an fhoirm seo ar fáil ar gach suíomh gréasáin iar-bhunscoile atá rannpháirteach ón **1 Deireadh Fómhair 2024** do gach mac léinn ionchasach sa chéad bhliain don bhliain acadúil 2025/2026.
- Seolfar cóip freisin chuig gach bunscoil friothálacha aitheanta.
- Ní mór duit **11** scoil a bhfuil iarratas á dhéanamh agat chucu a chur in iúl in ord ceart, íslitheach rogha. Mura gcuirtear 11 rogha in iúl, d'fhéadfadh sé nach dtairgí áit scoile do do pháiste/choimircí.
- Ní mór an t-eolas go léir a sholáthraíonn tú, chomh fada agus is eol duit, a bheith cruinn agus fírinneach.
- Déanfar foirmeacha iarratais a bhfaightear amach go bhfuil eolas míchruinn nó míthreorach acu a tharraingt siar ón gcóras agus measfar aon tairiscint a dhéanann iarbhunscoil rannpháirteach, bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil, a bheith neamhbhailí.
- Ba chóir an Fhoirm Iarratais chomhlánaithe, mar aon le clúdach féin-dhírthe stampáilte, a chur faoi bhráid **an Phríomhoide ag an Scoil Uimhir 1 de do rogha féin.**
- **Moltar foirmeacha a chur isteach go luath**, ach i gcás ar bith, ní mór foirmeacha a chur isteach tráth nach déanaí ná **12:30pm, Dé Luain, 13ú Eanáir 2025.**

TABHAIR AIRE:

- Ní cheadófar ach foirm iarratais amháin in aghaidh an pháiste ar an gcóras.

- Is ar tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) atá an fhreagracht as iarratas a dhéanamh.
- Is ar tuismitheoirí/caomhnóirí atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfaightear an fhoirm CCI comhlánaithe roimh an dáta agus an t-am deiridh.
- Admhóidh an scoil go bhfuarthas d'fhoirm iarratais.
- **Mura bhfaigheann tú deimhniú go bhfuil d'fhoirm faighte ag an scoil, is ortsa atá an fhreagracht teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an scoil roimh an dáta deiridh.**

Cad a dhéanfaidh mé má tá foirm iarratais curtha isteach agam ach más mian liom ord mo chuid roghanna a athrú?

Ceadaítear athruithe ar ord do roghanna, ar choinníoll go ndéantar iad roimh an dáta/am deiridh chun foirmeacha iarratais a chur isteach, i.e. roimh 12:30pm Dé Luain an 13ú Eanáir 2025.

- Má fhanann an scoil chéadrogha gan athrú, ba chóir duit scríobh chuig Príomhoide na scoile sin, an dara foirm iarratais a chur faoi iamh, agus a chur in iúl dó/di go bhfuil roghanna 2 go 11 leasaithe agat agus gur mian leat, anois, dul ar aghaidh leis an bhfoirm iarratais athbheithnithe.
- Má tá athrú tagtha ar an scoil chéad rogha, ba chóir duit scríobh chuig Príomhoide na scoile faoi do chéad rogha bunaidh ag cur in iúl dó/di go bhfuil d'iarratas á tharraingt siar agat. Ba chóir foirm nua/leasaithe a chur isteach ansin chuig an scoil nua chéad rogha.

Má chuireann tú níos mó ná foirm iarratais amháin isteach agus má theipeann ort í a chur in iúl do na scoileanna ábhartha, déanfar teagmháil leat chun an fhoirm ar mian leat dul ar aghaidh léi a chinneadh. Ní cheadófar ach foirm iarratais amháin in aghaidh an pháiste ar an gcóras.

Cad a tharlaíonn má chuirtear foirm iarratais isteach tar éis an dáta/am deiridh chun an t-iarratas a fháil?

Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an **bPríomhoide ag an scoil Uimhir 1 de do rogha féin tráth nach déanaí ná 12:30i.n., Dé Luain, 13ú Eanáir 2025. Cuirfear an t-am seo i bhfeidhm go docht.**

Glacfar le hiarratais a chuirfear faoi bhráid iar-bhunscoileanna tar éis an spriocdháta chun iarratas a chur isteach ach marcálfar "Iarratas Déanach" orthu. Cuirfear iarratais dhéanacha i láthair na scoileanna go léir atá liostaithe ar an bhfoirm **ag deireadh an phróisis** lena mbreithniú tar éis do na hiarratais eile ar fad a bheith próiseáilte. Tabhair faoi deara go mbeidh roinnt scoileanna lán faoin am seo agus moltar duit an fhoirm a bheith curtha isteach agat in am.

Cad iad na príomhdhátaí an Phróisis CCI le haghaidh rollaithe i mbliain 1, 2025/2026:

<i>Ón Máirt 1 Deireadh Fómhair 2024</i>	Glacfaidh scoileanna le Foirmeacha Iarratais.
<i>Dé Luain, 13ú Eanáir 2025 ag 12:30pm</i>	Dáta & am deiridh chun foirmeacha iarratais a fháil.
<i>Dé Máirt, 28ú Eanáir 2025</i>	Cuirfidh iar-bhunscoileanna tairiscintí áiteanna sa phost.
<i>Dé Céadaoin 29ú Eanáir 2025</i>	Cuirfidh iar-bhunscoileanna litreacha diúltaithe maidir le háit a thairiscint sa phost.
<i>Dé Céadaoin, 5ú Feabhra 2025 (12.00i.n.)</i>	Seo an dáta deiridh chun áiteanna a ghlacadh nó a dhiúltú.
<i>Dé Máirt, 25ú Feabhra 2025</i>	Oíche Chlárúcháin Choiteann ag gach iar-bhunscoil rannpháirteach. (<i>Déan teagmháil dhíreach leis an scoil maidir leis an am</i>)

Cad a tharlaíonn do na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhFoirm CCI?

Tá sé riachtanach go gcuirfeadh tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) iad féin ar an eolas faoi Fhógra Príobháideachais an Chomhchórais Iarratais maidir le bailiú agus próiseáil sonraí do Chóras Coiteann Iontrála Luimnigh.

Cad a tharlaíonn mura bhfaigheann mo pháiste tairiscint ar áit óna scoil chéad rogha?

- Mura n-éiríonn le do pháiste a scoil chéad rogha a fháil, breithneoidh na scoileanna atá liostaithe 2-11 an fhoirm iarratais, in ord na roghanna íslitheacha atá leagtha amach (*má thugann tú toiliú ar leathanach 4 den fhoirm iarratais*).
- Má tá ceann de na scoileanna sin in ann tairiscint a dhéanamh ar áit scoile, cuirfidh siad litir thairisceana sa phost ar an Máirt 28ú Eanáir 2025.
- Cuirfidh gach scoil atá liostaithe 2-11 a fhaigheann d'iarratas agus nach bhfuil in ann áit a thairiscint, litir diúltaithe sa phost ar an gCéadaoin 29ú Eanáir 2025.

Tabhair faoi deara le do thoil: Ní mór do gach scoil ar do liosta a fhaigheann d'iarratas ach nach bhfuil in ann áit scoile a thairiscint, litir diúltaithe a chur sa phost. Tá sé seo ag teacht leis an reachtaíocht mar riachtanas den Acht Oideachais (Leas) 2000. Ar an drochuair, d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh iarratasóir suas le haon litir déag diúltaithe.

Cad a tharlaíonn má fhaigheann mo pháiste tairiscint ar áit scoile ach ba mhaith linn diúltú don tairiscint?

Ní féidir leis an gcóras CAS aghaidh a thabhairt ar chás inar tairgeadh áit scoile do do leanbh ach roghnaíonn tú an tairiscint sin a dhiúltú. Bí ar an eolas, le do thoil, nach mbeidh ach líon an-teoranta áiteanna scoile ar fáil (*más ann dóibh*) ag deireadh an phróisis CAS. Má dhiúltaítear tairiscint, d'fhéadfadh sé do pháiste/coimircí a fhágáil gan áit scoile.

Cad a tharlaíonn mura bhfaigheann mo pháiste tairiscint ar áit scoile in aon cheann de na scoileanna atá ar an liosta?

- Is iad na scoileanna aonair a dhéanann gach cinneadh maidir le rollú.
- Níl aon ról ag Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh maidir le cinneadh a dhéanamh ar áiteanna scoile.
- Mura bhfaigheann do pháiste tairiscint ar áit scoile ó aon cheann de na scoileanna atá ar do liosta, postálfaidh Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh litir chugat ag cur an méid sin in iúl duit agus ag cur in iúl duit faoi scoileanna eile sa chóras CCI a bhféadfadh cumas a bheith acu.
- Mura bhfuil aon cheann de na scoileanna ar do liosta in ann áit scoile a thairiscint do do pháiste, seolfaidh gach ceann acu litir diúltaithe agus léireoidh an litir seo cén ait a bhfuil do pháiste ar liosta feithimh na scoile.

Cá seolfaidh mé mo chuid ceisteanna?

Is iad na scoileanna aonair a dhéanann gach cinneadh maidir le rollú. Is iad na Rialaitheoirí Sonraí iad. Má tá aon cheist agat maidir le **tairiscint** nó **diúltú** ó aon scoil ar liosta an iarratasóra, déan teagmháil dhíreach leis an scoil/na scoileanna.

- Mura bhfaigheann do pháiste/choimircí tairiscint ón scoil ina bhfuil an chéad rogha, [déan teagmháil dhíreach leis an scoil chéad rogha](#).
- Mura bhfaigheann do pháiste/choimircí tairiscint ó scoil atá liostaithe 2-11 ar a liosta roghanna, [déan teagmháil dhíreach leis an scoil/na scoileanna sin](#).
- Mura bhfaigheann do leanbh aon tairiscint ar áit scoile ó aon scoil, déan teagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais ag: Debbie.mcdonagh@tusla.ie

TABHAIR D'AIRE

Tugann Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh faoi riaradh an Chomhchórais Iarratais thar ceann Chumann Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Luimnigh.

Is é Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh an Próiseálaí Sonraí, ní an Rialaitheoir Sonraí agus dá réir sin ní féidir leis aghaidh a thabhairt ar do chuid ceisteanna.